# Gníomhaíocht 2: Cluichí á bhFiosrú

Foghlaimeoidh do rang faoi chluichí agus caitheamh aimsire sna tionóntáin.

Fiosróidh na daltaí na cluichí a d'imrítí in aimsir na dtionóntán ag úsáid píosaí éagsúla fianaise. Ansin úsáidfidh siad a gcuid scileanna mar staraithe chun fianaise nua a bhailiú ar chluichí ón am atá thart agus ón lá atá inniu ann chun a n-iarsmalann féin a chruthú.

14 Sráid Henrietta
Henrietta Street

Ó theach cathrach Seoirseach go tionóntán



# Tasc 1: Cluichí á bhfiosrú

*(Rang 1-2, agus mar thúsphointe do rang 3 - 6)*

Cén chuma a bhíodh ar chluichí san am atá thart? Seo roinnt samplaí d'fhianaise a thabharfaidh leideanna daoibh faoi spraoi agus faoi chluichí sna tionóntáin:

## Stair ó bhéal

Is éard atá sa stair ó bhéal ná taifid de dhaoine ag caint faoina gcuid cuimhní. Sna taifid seo, cuireann páistí ó Ionad Pobail Shráid Hardwicke ceisteanna ar Pheter Brannigan, a d'fhás aníos i 14 Sráid Henrietta, faoin gcineál spraoi a bhíodh acu sna tionóntáin le linn a óige:

- "What did you used to play?"
- "What were the toys like?"
- "What time did you have to stop playing and come inside?"

D'fhéadfadh an stair ó bhéal a bheith i bhfoirm físeáin freisin. Úsáid an nasc seo le héisteacht le daoine a d'fhás aníos ar Shráid Henrietta agus iad ag caint faoi na cuimhní atá acu ar a n-óige:

https://www.youtube.com/watch?v=q0p5aTTsBuk

## Amhráin agus rannta na dTionóntán

Thaitníodh amháin agus rannta le páistí sna tionóntáin. Seo roinnt taifead de pháistí an lae inniu ag casadh cuid de na hamhráin ó aimsir na dtionóntán.

- A Sailor Went to Sea Sea Sea
- Bluebells Cockle Shells…
- One Two Three My Mother Caught a Flea...




*Seomra Spraoi 14 Sráid Henriette (grianghraf le Ste Merray)*

## Bréagáin

Dhéanadh go leor de na páistí sna tionóntáin a gcuid bréagán féin. Is scil é a seo a choinníodh go leor acu ar feadh a saoil. Seo tralaí a rinne fear darb ainm Leo, a d'fhás aníos i dtionóntán ar an gCé Adhmaid, ar an taobh ó dheas den Life.



*Tralaí tionóntáin, déanta ón gcuimhne. Grianghrad: Ros Kavanagh*

Smaoinígí ar na píosaí éagsúla fianaise seo agus freagraígí na ceisteanna thíos:

- Cén t-eolas a thugann siad dúinn faoi chluichí, faoi spraoi agus faoi fhás aníos in aimsir na dtionóntán?
- Céard iad na cosúlachtaí agus na héagsúlachtaí idir an t-am sin agus an lá inniu?
- (Do Rang 5-6) Cé acu seo ar foinsí príomha agus foinsí tánaisteacha iad? Cén fáth a gceapann sibh é sin?

## Tasc 2: Ag Imirt Piggy Beds


Cluiche sráide an-choitianta ab ea Piggy Beds do pháistí sna tionóntáin. Foghlaimeoidh sibh thíos an chaoi lena imirt.

**Beidh na rudaí seo a leanas uaibh:**

- Canna folamh snasáin bhróg nó canna folamh dí
- Cailc
- Dromchla réidh taobh amuigh

1. **Déanaigí bhur muicíní**
   Faighigí canna folamh snasáin bhróg nó canna dí, líonaigí le gairbhéal nó le gaineamh é, agus greadaigí le bhur gcos ar a bharr le diosca a dhéanamh.

2. **Tarraingígí na leapacha**
   Faighigí dromchla réidh taobh amuigh, amuigh ón trácht agus ó chontúirtí eile, agus tarraingígí eangach mar seo a leanas le cailc:




3. **Imrígí**
   - Caithigí an muicín ar chearnóg uimhir a haon.
   - Seasaigí ar chois amháin agus preabaigí isteach sa chearnóg.
   - Leis an gcois atá fút, ciceálaigí bhur muicín isteach i gcearnóg 2 – má thiteann sé ar an líne, nó taobh amuigh de na línte, beidh sibh amuigh as.
   - Preabaigí isteach sa chéad chearnóg eile. Ní cheadaítear ach preab amháin, agus cic amháin, in aghaidh na cearnóige.
   - Coinnígí oraibh timpeall an eangaigh, go bhfeice sibh an féidir libh dul timpeall an eangaigh ar fad gan an dara cos a chur síos.
   - ‘Leapacha scíthe’ iad cearnóga 4 agus 7 – is féidir libh bhur gcosa a chur síos anseo agus scíth a ligean.
   - Coinnígí oraibh timpeall agus ar ais chuig cearnóg 1. Léimigí amach agus tosaígí arís – caithigí an muicín isteach i gcearnóg 2 agus tosaígí arís.

## Tasc 3: M'Iarsmalann Cluichí ón Am atá Caite agus ón Lá Inniu

- Déanaigí bhur n-Iarsmalann Cluichí féin trí fhianaise a bhailiú ón am atá thart agus ón lá inniu:
  - ***Grianghraif***
  - ***Earraí***
  - ***Scéalta:*** labhraígí le daoine níos sine ná sibh. Cén sórt cluichí a d'imrídís agus iad óg? An cuimhin leo aon chluiche faoi leith? An féidir leo iad a thaispeáint daoibh?
  - ***Bhur scéalta féin:*** cén sórt cluichí a imríonn sibh féin? An féidir libh na treoracha a scríobh, a tharraingt nó a phéinteáil le cur isteach san iarsmalann?
  - ***Déanaigí liosta*** thíos dá gcuirfidh sibh isteach in bhur n-iarsmalann: